Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10373/18**

**FISC 268**
**ECOFIN 646**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9638/18 FISC 242 ECOFIN 556 |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>– Conclúidí ón gComhairle (22 Meitheamh 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), a ghlac an Chomhairle ag cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 22 Meitheamh 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Bulgáire mar a leagtar amach é sa tuarascáil (9637/18), go háirithe i dtaca le faireachán a dhéanamh ar na gealltanais a thug dlínsí i gcomhthéacs chleachtas liostaithe an Aontais;

2. TACAÍONN SÍ leis an bpacáiste oibre nua ilbhliantúil a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil dul chun cinn ón Meitheal;

3. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar, lena n-áirítear maidir le dlínsí ar a ndearnadh scagadh in 2017;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI Á THABHAIRT DÁ hAIRE na tionscnaimh éagsúla a rinne an Mheitheal ó thús na bliana seo chun infheictheacht a cuid oibre agus an trédhearcacht a mhéadú;

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe gur foilsíodh tiomsú den treoir a chomhaontaigh an Mheitheal (5814/1/18 REV 1) agus forléargas ar na córais chánach fhabhracha a scrúdaigh sí ó bunaíodh i Márta 1998 í (9639/18), mar aon le tiomsuithe na litreacha uile inar iarradh ar dhlínsí gealltanais a thabhairt (6671/18) agus na litreacha gealltanais a fuarthas mar fhreagra inar thoiligh na dlínsí lena mbaineann (6972/18);

6. Ar an gcuma chéanna, IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na treorach a comhaontaíodh, lena n-áirítear an liosta tosaíochta a chomhaontaigh an Mheitheal (6603/18);

7. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint de bheith ag breathnú ar na bearta cosanta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le dlínsí neamhchomhoibríocha ar bhealach comhordaithe, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI na treoirlínte maidir le próiseas faireacháin gealltanas a chur i bhfeidhm, ar gealltanais iad a bhaineann le liosta an Aontais a chomhaontaigh an Mheitheal i mí Feabhra 2018 de dhlínsí neamhchomhoibríocha chun críocha cánach (6213/18);

9. FORMHUINÍONN SÍ an bealach chun cinn a mhol an Mheitheal don athbhreithniú ar raon feidhme geografach chleachtas liostaithe an Aontais;

10. FORMHUINÍONN SÍ an páipéar ullmhúcháin maidir le critéar 2.2 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Meitheal;

11. FORMHUINÍONN SÍ an treoir maidir le léirmhíniú ar an tríú critéar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Meitheal;

12. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na hOstaire.